Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 8 Márta 2024**
**(OR. en)**

**7446/24**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0440(NLE)**

**POLCOM 91**
**WTO 35**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 16007/23 |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 13ú Comhdháil Aireachta de chuid na hEagraíochta Domhanda Trádála<br>– *Glacadh roinnt leaganacha teanga* |

1. An 1 Márta 2024, ghlac an Chomhairle, trí nós imeachta i scríbhinn[1], an leagan Béarla den Chinneadh maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 13ú Comhdháil Aireachta de chuid na hEagraíochta Domhanda Trádála[2]. Ag an am céanna, chomhaontaigh an Chomhairle Airteagal 14(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle a chur i bhfeidhm ionas nach mbeadh an Cinneadh ar fáil sna teangacha go léir dá bhforáiltear sna rialacha teanga atá i bhfeidhm.

2. Tá leaganacha eile teanga (BG, CS, DA, DE, EL, ES, ET, FI, FR, GA, HR, HU, IT, LT, LV, MT, NL, PL, PT, RO, SK, SL, SV) den Chinneadh ar fáil anois, nár táirgeadh sular glacadh é.

[1] CM 1936/24.
[2] 5163/1/24 REV 1.

3. I bhfianaise an mhéid thuas, agus faoi réir dearbhú ó Choiste na mBuanionadaithe, iarrtar ar an gComhairle an méid seo a leanas a dhéanamh:

– roinnt leaganacha teanga (BG, CS, DA, DE, EL, ES, ET, FI, FR, GA, HR, HU, IT, LT, LV, MT, NL, PL, PT, RO, SK, SL, SV) den Chinneadh thuasluaite, mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air agus a leagtar amach in 5163/1/24 REV 1, a ghlacadh mar mhír 'A' ag ceann de na seisiúin a bheidh aici amach anseo; agus

– a thabhairt dá haire go gcuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE, agus go ndéanfar an Cinneadh a tharchur chuig an bParlaimint.